BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

10 Meán Fómhair 2024*

(Achomharc – Iomaíocht – Mí-úsáid ceannasachta – Margaí cuardaigh ghinearálta agus cuardaigh speisialaithe siopadóireachta ar an idirlíon – Cinneadh lena gcinntear go ndearnadh sárú ar Airteagal 102 CFAE agus Airteagal 54 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) – Mí-úsáid brú – Iomaíocht ar na tuillteanais nó cleachtas frithiomaíoch – Taispeáint fhabhrach ag an ngnóthas ceannasach ar thorthaí a sheirbhíse speisialaithe cuardaigh féin – Éifeachtaí frithiomaíocha féideartha – Nasc cúisíoch idir mí-úsáid agus éifeachtaí – Dualgas cruthúnais – Cás frithfhíorasach – Cumas eisiatach – Tástáil an iomaitheora atá chomh héifeachtúil céanna)

I gCás C-48/22 P,

ACHOMHARC de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a taisceadh an 20 Eanáir 2022,

Google LLC, arna bhunú in Mountain View (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

Alphabet, Inc., arna bhunú in Mountain View,

arna n-ionadú ag A. Bray, avocate, T. Graf, Rechtsanwalt, D. Gregory, H. Mostyn, Abhcóidí, M. Pickford, KC, R.Snelders, advocaat, agus C. Thomas, Dlíodóir,

iarratasóirí,

le tacaíocht ó:

Computer & Communications Industry Association, arna bhunú in Washington (Stáit Aontaithe), arna ionadú ag J. Killick, advocaat, A. Komninos, dikigoros, agus A. Lamadrid de Pablo, abogado,

idiragraí ag an gcéad chéim,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag F. Castillo de la Torre, A. Dawes, N. Khan, H. Leupold agus C. Urraca Caviedes, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir ag an gcéad chéim,

* Teanga an cháis: an Béarla.

le tacaíocht ó:

PriceRunner International AB, arna bhunú i Stócólm (an tSualainn), arna ionadú ar dtús ag M. Jonson, K. Ljungström, F. Norburg, P. Scherp agus H. Selander, advokater, agus ina dhiaidh sin ag K. Ljungström, F. Norburg, P. Scherp agus H. Selander, advokater,

idiragraí san achomharc,

Poblacht Chónaidhme na Gearmáine

Údarás Faireacháin CSTE, arna ionadú ar dtús ag C. Simpson, M. Sánchez Rydelski agus M. Joséphidès, agus ina dhiaidh sin ag C. Simpson, M. Sánchez Rydelski, I.O. Vilhjálmsdóttir agus M.-M. Joséphidès, i gcáil Gníomhairí,

Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí (BEUC), arna bhunú sa Bhruiséil (an Bheilg), arna ionadú ag A. Fratini, avvocata,

Infederation Ltd, arna bhunú in Crowthorne (an Ríocht Aontaithe), arna ionadú ar dtús ag S. Gartagani, K. Gwilliam, L. Hannah, Aturnaetha, agus A. Howard, KC, agus ina dhiaidh sin ag S. Gartagani, K. Gwilliam, L. Hannah, Aturnaetha, A. Howard, KC, agus T. Vinje, advocaat,

Kelkoo SAS, arna bhunú i bPáras (an Fhrainc), arna ionadú ag W. Leslie, solicitor, agus B. Meyring, Rechtsanwalt,

Verband Deutscher Zeitschriftenverleger eV, arna bhunú i mBeirlín (an Ghearmáin),

Ladenzeile GmbH, ar a dtugtaí Visual Meta GmbH tráth, arna bhunú i mBeirlín,

BDZV – Bundesverband Digitalpublisher und Zeitungsverleger eV, ar a dtugtaí Bundesverband Deutscher Zeitungsverleger eV roimhe seo, a bunaíodh i mBeirlín,

arna ionadú ag T. Höppner agus P. Westerhoff, Rechtsanwälte,

TwengaSA, arna bhunú i bPáras, arna ionadú ag L. Godfroid, M. Gouraud agus S. Hautbourg, avocats,

idiragraithe ag an gcéad chéim,

AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, E. Regan, F. Biltgen agus O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir), Uachtaráin Dlísheomra, P. G. Xuereb, L. S. Rossi, I. Jarukaitis, N. Jääskinen, N. Wahl, I. Ziemele agus J. Passer, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: M. Longar, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i ndiaidh éisteacht an 19 Meán Fómhair 2023,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 11 Eanáir 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína n-achomharc, iarrann Google LLC agus Alphabet Inc. go gcuirfear breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 10 Samhain 2021, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún (Google Shopping)* (T-612/17, EU:T:2021:763; 'an breithiúnas atá faoi achomharc'), lenar neamhnigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 1 de Chinneadh C(2017) 4444 final ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2017 maidir le himeacht i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 102 CFAE agus Airteagal 54 de Chomhaontú LEE (Cás AT.39740 – inneall cuardaigh Google (Shopping)) ('an cinneadh atá faoi chonspóid'), ar neamhní sa mhéid amháin gur chinn an Coimisiún Eorpach gur sháraigh Google agus Alphabet na forálacha sin ar 13 mhargadh náisiúnta le haghaidh cuardach ginearálta laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) ar an mbonn go raibh éifeachtaí frithiomaíocha ar na margaí sin, agus dhiúltaigh sí dá gcaingean maidir leis an gcuid eile.

I. Cúlra na díospóide

2 Is féidir cúlra na díospóide, mar atá leagtha amach i míreanna 1 go 78 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, a achoimriú mar seo a leanas.

A. Cúlra

3 Is cuideachta de chuid na Stát Aontaithe é Google a dhéanann speisialtóireacht ar tháirgí agus ar sheirbhísí a bhaineann le húsáid an idirlín. Tá sé ar eolas go príomha as a inneall cuardaigh, a chuireann ar chumas úsáideoirí idirlín (dá ngairtear 'úsáideoirí' nó 'tomhaltóirí' freisin de réir an chomhthéacs) suíomhanna gréasáin a fhreastalaíonn ar a riachtanais a aimsiú agus a shroicheadh, leis an mbrabhsálaí a úsáideann siad agus sin trí hipearnaisc. Ón 2 Deireadh Fómhair 2015, tá Google ina fhochuideachta 100 % de Alphabet.

4 Fágann inneall cuardaigh Google gur féidir torthaí cuardaigh a fháil a thaispeántar ar leathanaigh atá le feiceáil ar scáileáin úsáideoirí idirlín. Roghnóidh an t-inneall sin na torthaí sin i gcomhréir le critéir ghinearálta agus gan na suíomhanna a ndéanann siad tagairt dóibh luach saothair a thabhairt do Google as iad a thaispeáint ('torthaí cuardaigh ghinearálta') nó roghnófar iad de réir loighic speisialaithe don chineál áirithe cuardaigh a dhéantar ('torthaí cuardaigh speisialaithe'). D'fhéadfadh torthaí cuardaigh speisialaithe a bheith le feiceáil gan aon ghníomhaíocht ar leith ón úsáideoir idirlín trí úsáid a bhaint as na torthaí cuardaigh ghinearálta ar an leathanach céanna ('leathanach/leathanaigh torthaí ginearálta') nó d'fhéadfadh siad a bheith le feiceáil ina n-aonar tar éis iarraidh a fháil ón úsáideoir idirlín ar leathanach speisialaithe d'inneall cuardaigh Google nó tar éis naisc a ghníomhachtú i réimsí áirithe dá leathanaigh torthaí ginearálta. Tá seirbhísí cuardaigh speisialaithe éagsúla forbartha ag Google, mar shampla le haghaidh na nuachta, faisnéise agus tairiscintí tráchtála de chineál áitiúil, le haghaidh aerthaistil nó chun táirgí a cheannach. Is í an chatagóir dheireanach atá i gceist sa chás seo.

5 Ní dhéanann seirbhísí cuardaigh speisialaithe chun earraí a cheannach ('seirbhísí siopadóireachta comparáide') féin táirgí a dhíol, ach déanann siad tairiscintí ó dhíoltóirí idirlín a thairgeann an táirge atá á lorg a chur i gcomparáid lena chéile agus a roghnú. Dála torthaí cuardaigh

ghinearálta, d'fhéadfadh torthaí cuardaigh speisialaithe a bheith ina dtorthaí, dá ngairtear 'nádúrtha' nó 'orgánach' uaireanta, atá neamhspleách ar íocaíochtaí ó na suíomhanna gréasáin dá dtagraíonn siad, fiú más suíomhanna tráchtála iad. Tá an t-ord ina gcuirtear na torthaí nádúrtha sin i láthair ar na leathanaigh torthaí neamhspleách ar íocaíochtaí freisin.

6 I leathanaigh torthaí ginearálta Google, mar atá in innill chuardaigh eile, tá torthaí ann freisin, dá ngairtear 'fógraí' go coitianta, atá nasctha, os a choinne sin, le híocaíochtaí ó na suíomhanna gréasáin dá dtagraíonn siad. Baineann na torthaí sin freisin leis an gcuardach a dhéanann an t-úsáideoir idirlín agus déantar idirdhealú idir iad agus torthaí cuardaigh nádúrtha ghinearálta nó speisialaithe, mar shampla leis na focail 'ad' (fógra) nó 'sponsored' (urraithe).

7 D'fhéadfadh sé go mbeadh nó bhí gach cineál torthaí dá dtagraítear i míreanna 4 go 6 den bhreithiúnas seo ar leathanaigh torthaí ginearálta Google.

8 Cuireann innill chuardaigh eile seachas innill chuardaigh Google seirbhísí cuardaigh ghinearálta agus seirbhísí cuardaigh speisialaithe ar fáil nó bhí siad á gcur ar fáil acu. Tá innill chuardaigh ann freisin atá ceaptha go sonrach le haghaidh siopadóireacht chomparáide.

9 Thosaigh Google ag soláthar seirbhís siopadóireachta comparáide d'úsáideoirí idirlín ó dheireadh 2002 sna Stáit Aontaithe, agus ansin, thart ar dhá bhliain ina dhiaidh sin, de réir a chéile i roinnt tíortha san Eoraip. Cuireadh torthaí na comparáide idir earraí ('torthaí le haghaidh táirgí') ar fáil ar dtús trí leathanach cuardaigh speisialaithe, ar a dtugtaí Froogle, ar leithligh ó leathanach cuardaigh ghinearálta an innill cuardaigh, agus ansin, ó 2003 sna Stáit Aontaithe agus 2005 i roinnt tíortha san Eoraip, ó leathanach cuardaigh ghinearálta an innill cuardaigh freisin. Sa chás deireanach sin, taispeánadh torthaí le haghaidh táirgí grúpáilte ar leathanaigh torthaí ginearálta in áit ar a dtugtaí Product OneBox ('Product OneBox'), thíos faoi na fógraí ar bharr an leathanaigh, nó taobh leo, agus os cionn na dtorthaí cuardaigh ghinearálta.

10 Dúirt Google gur athraigh sé, ó 2007, an bealach inar tiomsaíodh na torthaí le haghaidh táirgí. Go háirithe, d'athraigh sé an t-ainm Froogle go Product Search dá leathanaigh chuardaigh agus dá thorthaí speisialaithe siopadóireachta comparáide.

11 Maidir le torthaí le haghaidh táirgí a thaispeántar ar na leathanaigh torthaí ginearálta, ar an gcéad dul síos, shaibhrigh Google ábhar Product OneBox, a athainmníodh ina dhiaidh sin mar Product Universal ('Product Universal'), trí ghrianghraif a chur leis. Rinne Google éagsúlú freisin ar na torthaí féideartha nuair a dhéantar clic ar nasc toraidh atá le feiceáil ansin: ag brath ar an gcás, atreoraíodh an t-úsáideoir idirlín go díreach, mar a dhéantaí cheana, chuig leathanach iomchuí shuíomh gréasáin dhíoltóir an táirge a bhí á lorg nó atreoraíodh é chuig an leathanach torthaí speisialaithe Product Search chun níos mó tairiscintí don táirge céanna a fheiceáil. Ar an dara dul síos, chuir Google sásra i bhfeidhm, ar a dtugtar Universal Search, a chumasaíonn, i gcás ina n-aithnítear cuardach chun táirge a cheannach, na táirgí a chumhdaítear le Product Onebox agus ansin le Product Universal, a chur in ord tosaíochta ar an leathanach torthaí ginearálta, i ndáil leis na torthaí cuardaigh ghinearálta.

12 Maidir leis na torthaí do tháirgí atá nasctha le híocaíochtaí a taispeánadh ar na leathanaigh torthaí, thug Google formáid shaibhrithe isteach san Eoraip ó Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh i gcomparáid le fógraí téacs amháin ('fógraí téacs') a bhí le feiceáil go dtí sin. Ó mhí na Samhna 2011 ar aghaidh san Eoraip, rinne Google an fhormáid sin a fhorlíonadh trí ghrúpaí fógraí ó roinnt fógróirí a chur i láthair go díreach, ar a leathanaigh torthaí ginearálta, le grianghraif agus praghsanna ('fógraí le haghaidh táirgí'), a bhí le feiceáil ar dheis nó ar bharr leathanach na dtorthaí.

13 In 2013, chuir Google deireadh le Product Universal san Eoraip agus leis na fógraí téacs ar a leathanaigh torthaí ginearálta. Dá bhrí sin, ní raibh ann ansin ach fógraí táirgí grúpáilte, a athainmníodh mar 'Shopping Commercial Units' nó 'Shopping Units' ('Shopping Units'), fógraí téacs agus torthaí cuardaigh ghinearálta. Dá bhrí sin, cuireadh an t-úsáideoir idirlín a chliceáil ar fhógra in Shopping Unit ar aghaidh i gcónaí chuig suíomh gréasáin díolacháin an fhógróra. Ní bhfuair sé rochtain ó leathanach na dtorthaí ginearálta ar leathanach cuardaigh agus torthaí speisialaithe siopadóireachta comparáide Google ar a raibh níos mó fógraí ach má chliceáil sé ar nasc ar leith ag barr an Shopping Unit nó ar nasc a bhfuil rochtain air ón roghchlár ginearálta brabhsálaí (cluaisín 'Shopping'). Ag an am céanna agus a bhain Google Product Universal óna leathanach torthaí ginearálta, chuir Google freisin deireadh le torthaí nádúrtha le haghaidh táirgí a chur i láthair ar a leathanach torthaí speisialaithe Product Search, a athraíodh chun bheith ina leathanach nach raibh air ansin ach fógraí, ar a dtugtaí Google Shopping.

B. An nós imeachta riaracháin

14 An 30 Samhain 2010, thionscain an Coimisiún imeachtaí i gcoinne Google ar bhonn Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir le himeachtaí arna seoladh ag an gCoimisiún de bhun Airteagail [101] agus [102] CFAE (IO 2004 L 123, lch. 18).

15 An 13 Márta 2013, ghlac an Coimisiún réamh-mheasúnú ar bhonn Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail [101] agus [102 CFAE] (IO 2003 L 1, lch. 1), d'fhonn go bhféadfaí glacadh le gealltanais ó Google lena dtabharfaí aghaidh ar a ábhair imní.

16 An 4 Meán Fómhair 2014, chuir an Coimisiún in iúl do Google nach raibh sé in ann cinneadh a ghlacadh lena nglactar le gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Uimh. 1/2003.

17 An 15 Aibreán 2015, d'fhill an Coimisiún ar an nós imeachta um shárú dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1/2003 agus ghlac sé ráiteas agóidí, a díríodh ar Google, inar tháinig sé ar an gconclúid shealadach gur mí-úsáid ceannasachta a bhí sna cleachtais atá i gceist agus, dá bhrí sin, gur sháraigh sé Airteagal 102 CFAE.

18 An 14 Iúil 2016, thionscain an Coimisiún imeachtaí i gcoinne Alphabet ar bhonn Airteagal 2(1) de Rialachán Uimh. 773/2004 agus ghlac sé ráiteas forlíontach agóidí a díríodh chuig Google agus Alphabet.

C. An cinneadh atá faoi chonspóid

19 An 27 Meitheamh 2017, ghlac an Coimisiún an cinneadh atá faoi chonspóid.

20 Sa chéad áit, bhí an Coimisiún den tuairim, i gcomhthéacs cheannasacht fhéideartha Google a shainaithint, gurbh iad na margaí lena mbaineann, ar mhargaí náisiúnta iad, ar an gcéad dul síos, an margadh le haghaidh seirbhísí cuardaigh ghinearálta ar an idirlíon agus, ar an dara dul síos, an margadh le haghaidh seirbhísí siopadóireachta comparáide ar an idirlíon.

21 Sa dara háit, chinn an Coimisiún go raibh ceannasacht ag Google ó 2008 i leith ar an margadh cuardaigh ghinearálta i ngach tír LEE, ach amháin i bPoblacht na Seice, áit nach raibh ceannasacht aige ach ó 2011. Agus é ag teacht ar an gcinneadh sin, bhí sé ag brath go háirithe ar sciartha an-ard agus cobhsaí den mhargadh ó thaobh méideanna de atá ag Google, a tugadh faoi

deara i staidéir éagsúla. Chuir sé béim freisin ar na sciartha ísle den mhargadh atá ag iomaitheoirí Google, go bhfuil bacainní ar iontráil sa mhargadh sin agus gur beag úsáideoir idirlín a d'úsáid roinnt innill cuardaigh ghinearálta. Thug sé faoi deara go raibh dea-cháil ar Google agus nach raibh cumhacht ceannaitheora frithchúitimh ag úsáideoirí idirlín, atá neamhspleách ar a chéile.

22 Sa tríú háit, chinn an Coimisiún gur bhain Google mí-úsáid, ó amanna éagsúla, arb é Eanáir 2008 an tráth ba luaithe, as a cheannasacht i 13 mhargadh náisiúnta laistigh de LEE le haghaidh cuardach ginearálta tríd an trácht a laghdú óna leathanaigh torthaí ginearálta go dtí seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha agus tríd an trácht sin a mhéadú go dtí a sheirbhís siopadóireachta comparáide, ar dócha go mbeadh éifeachtaí frithiomaíocha aige, nó ar cosúil go bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith aige, ar na 13 mhargadh náisiúnta chomhfhreagracha le haghaidh cuardach speisialaithe siopadóireachta comparáide, ach freisin ar na 13 mhargadh le haghaidh cuardach ginearálta. Ba iad an Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua na tíortha lena mbaineann.

23 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, i gCuid 7.2 den chinneadh atá faoi chonspóid, luaigh an Coimisiún gurbh é a bhí sa mhí-úsáid a sainaithníodh sa chás seo ná suíomh agus cur i láthair níos fabhraí dá sheirbhís siopadóireachta comparáide, ar leathanaigh torthaí ginearálta Google, i gcomparáid le seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha.

24 Go sonrach, ba é an t-iompar a shainaithin an Coimisiún mar fhoinse na mí-úsáide, go bunúsach, gur thaispeáin Google a sheirbhís siopadóireachta comparáide ar a leathanaigh torthaí ginearálta ar bhealach feiceálach tarraingteach i 'mboscaí' tiomnaithe, gan í a bheith faoi réir a algartaim choigeartaithe a úsáidtear le haghaidh cuardach ginearálta, lena n-áirítear an t-algartam 'Panda', ach, ag an am céanna, ní fhéadfadh seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha a bheith le feiceáil ar na leathanaigh sin ach amháin i bhfoirm torthaí cuardaigh ghinearálta (naisc ghorma), agus ní i bhformáid shaibhrithe riamh, agus ag an am céanna d'fhéadfaí iad a íosghrádú i rangú torthaí cineálacha ag na halgartaim 'choigeartaithe' sin. Luaigh an Coimisiún nár chaith sé amhras, iontu féin, ar na critéir roghnúcháin éagsúla a roghnaigh Google, a ndearnadh cur síos orthu mar chritéir ábharthachta, ach nach raibh feidhm ag na critéir chéanna suímh agus cur i láthair maidir lena sheirbhís siopadóireachta comparáide agus maidir le seirbhísí iomaíocha siopadóireachta comparáide araon. Ar an gcaoi chéanna, dúirt sé nach raibh amhras á chaitheamh aige, dá réir sin, ar chur chun cinn torthaí speisialaithe siopadóireachta comparáide a mheas Google a bheith ábhartha, ach ar an bhfíoras nach raibh feidhm ag an gcur chun cinn céanna maidir lena sheirbhís siopadóireachta comparáide agus le seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha araon.

25 Ar an dara dul síos, i roinn 7.2.2 den chinneadh atá faoi chonspóid, scrúdaigh an Coimisiún luach mhéid an tráchta le haghaidh seirbhísí siopadóireachta comparáide. Thug sé dá aire, i ndáil leis sin, go raibh an méid tráchta suntasach, ar go leor bealaí, maidir le cumas seirbhíse siopadóireachta comparáide dul san iomaíocht.

26 Ar an tríú dul síos, i gCuid 7.2.3 den chinneadh atá faoi chonspóid, luaigh an Coimisiún gur laghdaigh na cleachtais atá i gceist an trácht ó leathanaigh torthaí ginearálta Google go dtí seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha agus gur mhéadaigh an trácht ó na leathanaigh sin go dtí seirbhís siopadóireachta comparáide Google. Thacaigh sé leis an gconclúid sin le trí ghné. Ar an gcéad dul síos, ar bhonn anailís ar iompar úsáideoirí idirlín, thug an Coimisiún dá aire go meallann torthaí cineálacha trácht suntasach chuig suíomh gréasáin má rangaítear iad sa chéad trí go cúig thoradh ar an gcéad leathanach torthaí ginearálta, ós rud é nach dtugann

úsáideoirí idirlín aird ar na torthaí ina dhiaidh sin, nó nár thug siad mórán airde orthu, torthaí nach raibh le feiceáil go díreach ar an scáileán go minic. Ina dhiaidh sin, luaigh an Coimisiún, mar gheall ar na cleachtais atá i gceist, gur tháinig laghdú ar an trácht ó leathanaigh torthaí ginearálta Google go dtí beagnach gach seirbhís siopadóireachta comparáide iomaíoch, thar thréimhse shuntasach, i ngach ceann de na 13 thír LEE inar cuireadh na cleachtais sin chun feidhme. Ar deireadh, chinn an Coimisiún gur tháinig méadú ar thrácht Google chuig a sheirbhís siopadóireachta comparáide mar thoradh ar na cleachtais sin.

27 Ar an gceathrú dul síos, i gCuid 7.2.4 den chinneadh atá faoi chonspóid, mhaígh an Coimisiún gurbh ionann an trácht a atreoraíodh leis na cleachtais atá i gceist agus cuid mhór den trácht chuig seirbhísí iomaíocha siopadóireachta comparáide agus nárbh fhéidir na foinsí eile tráchta atá ar fáil faoi láthair do sheirbhísí iomaíocha siopadóireachta comparáide, eadhon aipeanna móibíleacha, trácht díreach, tras-atreoruithe ó shuíomhanna gréasáin comhpháirtíochta eile, líonraí sóisialta agus innill cuardaigh ghinearálta eile, a chur ina ionad.

28 Ar an gcúigiú dul síos, i gCuid 7.3 den chinneadh atá faoi chonspóid, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ag na cleachtais atá i gceist ar na 13 mhargadh náisiúnta cuardaigh speisialaithe le haghaidh siopadóireacht chomparáide agus ar na 13 mhargadh náisiúnta cuardaigh ghinearálta, dá dtagraítear i mír 22 den bhreithiúnas seo. A mhéid a bhaineann leis na margaí cuardaigh speisialaithe le haghaidh siopadóireacht chomparáide, bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún a léiriú go bhféadfadh na cleachtais atá i gceist a bheith ina gcúis le seirbhísí iomaíocha siopadóireachta comparáide scor den trádáil, go bhféadfaidís tionchar diúltach a imirt ar an nuálaíocht agus go bhféadfaidís, dá bhrí sin, laghdú a dhéanamh ar chumas tomhaltóirí rochtain a fháil ar na seirbhísí ar an leibhéal feidhmíochta is airde. Dhéanfaí difear, dá bhrí sin, do struchtúr iomaíoch na margaí sin. Maidir leis na margaí cuardaigh ghinearálta, eascraíonn éifeachtaí frithiomaíocha na gcleachtas atá i gceist as an bhfíoras gur chuir na hacmhainní breise a fuarthas ó sheirbhís siopadóireachta comparáide Google ar na leathanaigh torthaí ginearálta ar a chumas a sheirbhís cuardaigh ghinearálta a neartú.

29 I Roinn 7.4 den chinneadh atá faoi chonspóid, bhréagnaigh an Coimisiún argóintí na n-achomharcóirí i gcoinne na hanailíse sin, ar dá réir nach raibh na critéir dhlíthiúla a úsáideadh ceart. I gCuid 7.5 den chinneadh sin, bhréagnaigh sé freisin na cúiseanna a chuir na hiarratasóirí ar aghaidh chun a léiriú nach raibh na cleachtais atá i gceist mí-úsáideach, bunaithe ar an bhfíoras go raibh gá oibiachtúil leo nó go ndearnadh aon srianta iomaíochta a bhí i gceist leo a fhritháireamh le gnóthacháin éifeachtúlachta a chuaigh chun tairbhe do thomhaltóirí.

30 Dá bhrí sin, in Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid, dhearbhaigh an Coimisiún gur sháraigh Google agus Alphabet, ó ghlac sé seilbh ar Google, Airteagal 102 CFAE agus Airteagal 54 de Chomhaontú LEE sna 13 thír dá dtagraítear i mír 22 den bhreithiúnas seo, ó dhátaí éagsúla a chomhfhreagraíonn do thorthaí speisialaithe le haghaidh táirgí nó fógraí le haghaidh táirgí a thabhairt isteach ar leathanach torthaí ginearálta Google.

31 D'ordaigh an Coimisiún do Google, *inter alia*, deireadh a chur leis na cleachtais atá i gceist. Chuir sé in iúl, cé go bhféadfadh Google an t-ordú sin a chomhlíonadh ar bhealaí éagsúla, gur ghá prionsabail a urramú, is cuma an roghnódh Google na Shopping Units nó grúpaí eile torthaí siopadóireachta comparáide a choinneáil ar a leathanaigh torthaí ginearálta nó nach roghnódh. Áiríodh leis na prionsabail sin, go bunúsach, láimhseáil neamh-idirdhealaitheach idir seirbhís comparáide táirgí Google agus seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha. Ar deireadh, le hAirteagal 2 den chinneadh atá faoi chonspóid, ghearr an Coimisiún fíneáil EUR 2 424 495 000 ar Google, agus EUR 523 518 000 de sin i gcomhpháirt agus go leithleach le Alphabet.

II. An chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc

32 Le hiarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 11 Meán Fómhair 2017, thionscain Google caingean chun an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus, mar mhalairt air sin, méid na fíneála a gearradh a chealú nó a laghdú.

33 Le hordú ó Uachtarán an Naoú Dlísheomra den Chúirt Ghinearálta an 17 Nollaig 2018, tugadh cead do Computer & Communications Industry Association ('CCIA') idiragairt a dhéanamh mar thaca leis an ordú a bhí á lorg ag na hiarratasóirí. Le horduithe ón dáta céanna, tugadh cead do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, d'Údarás Faireacháin CSTE, do Bhiúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí (BEUC), Infederation Ltd ('Foundem'), Kelkoo SAS, Verband Deutscher Zeitschriftenverleger eV ('VDZ'), Ladenzeile GmbH, ar a dtugtaí Visual Meta GmbH, BDZV – Bundesverband Digitalpublisher und Zeitungsverleger eV, ar a dtugtaí Bundesverband Deutscher Zeitungsverleger eV ('BDZV') agus Twenga SA roimhe seo idiragairt a dhéanamh chun tacú leis an ordú atá á lorg ag an gCoimisiún.

34 Le hordú ó Uachtarán an Naoú Dlísheomra den Chúirt Ghinearálta an 11 Aibreán 2019, ceadaíodh láimhseáil rúnda, *inter alia*, i ndáil le hIarscríbhinn A.1 a ghabhann leis an iarratas lena dtionscnaítear na himeachtaí.

35 Le cinneadh an 10 Iúil 2019, tharchuir an Chúirt Ghinearálta an cás chuig Dlísheomra méadaithe.

36 Mar thaca lena chaingean, d'ardaigh Google sé shaincheist dlí, a chuir sé ar aghaidh mar seo a leanas:

'Léirítear leis an gcéad saincheist dlí agus leis an dara saincheist dlí go dtagann an cinneadh [atá faoi chonspóid] ar an gconclúid mhícheart go dtugann Google tosaíocht dá sheirbhís siopadóireachta comparáide trí Product Universals agus Shopping Units a thaispeáint. Mínítear leis an tríú saincheist dlí go bhfuil an cinneadh [atá faoi chonspóid] mícheart sa mhéid go measann sé gur atreoraíodh trácht cuardaigh Google le suíomh agus taispeáint Product Universals agus Shopping Units. Leis an gceathrú saincheist dlí, léireofar nach bhfuil bunús leis an tuairimíocht sa chinneadh [atá faoi chonspóid] maidir le héifeachtaí frithiomaíocha. Léirítear leis an gcúigiú saincheist dlí go n-aicmítear go mícheart sa [chinneadh atá faoi chonspóid] mar chleachtais mhí-úsáideacha feabhsuithe cáilíochtúla a léiríonn iomaíocht ar na tuillteanais. Léirítear leis an séú saincheist dlí nach bhfuil bunús leis na cúiseanna dár forchuireadh fíneáil leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.'

37 Leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean go bunúsach trí anailís an Choimisiúin maidir leis an margadh cuardaigh speisialaithe siopadóireachta comparáide a fhormhuiniú.

38 Chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl ag an tús nár chuir Google ina choinne go raibh ceannasacht aige ar na 13 mhargadh náisiúnta le haghaidh cuardach ginearálta a chomhfhreagraíonn do na tíortha inar chinn an Coimisiún gur bhain sé mí-úsáid as staid den sórt sin. Shonraigh sí gurbh ionann an staid sin agus bonn na hanailíse uile ina dhiaidh sin.

39 Sa chéad áit, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta an cúigiú saincheist dlí agus an chéad chuid den chéad saincheist dlí, ag líomhain gur chomhlíon na cleachtais atá i gceist an iomaíocht ar na tuillteanais. Ar an gcéad dul síos, dhiúltaigh sí d'argóint na n-iarratasóirí gurbh ionann na cleachtais sin agus feabhsuithe cáilíochtúla maidir le hiomaíocht ar na tuillteanais agus nach

bhféadfaí iad a aicmiú mar chleachtais mhí-úsáideacha. Ar an dara dul síos, dhiúltaigh sí d'argóint na n-iarratasóirí gur éiligh an Coimisiún ar Google rochtain acu ar a sheirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil do sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha gan na coinníollacha a leagtar amach i mbreithiúnas an 26 Samhain 1998, *Bronner*, a chomhlíonadh (C-7/97, EU:C:1998:569). Ar an tríú dul síos, dhiúltaigh sí d'argóint na n-iarratasóirí gur chuir an Coimisiún na fíorais i láthair go mícheart ós rud é gur thug Google grúpaí torthaí táirgí isteach chun cáilíocht a sheirbhíse a fheabhsú seachas chun trácht a dhíriú ar a sheirbhís siopadóireachta comparáide féin.

40 Sa dara háit, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta an dara cuid den chéad saincheist dlí agus an chéad, an dara agus, go páirteach, an tríú cuid den dara saincheist dlí, ag líomhain go raibh na cleachtais atá i gceist neamh-idirdhealaitheach. I ndáil leis sin, dhiúltaigh sí do ghearáin na n-iarratasóirí inar líomhnaíodh gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid mhícheart gur thug Google tosaíocht dá sheirbhís siopadóireachta comparáide trí Product Universals agus Shopping Units a thaispeáint agus na gearáin go raibh seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha curtha san áireamh cheana féin in Shopping Units, agus mar thoradh air sin nach bhféadfadh aon fhabhar a bheith ann.

41 Sa tríú háit, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta an tríú agus an ceathrú saincheist dlí, ag líomhain nach raibh éifeachtaí frithiomaíocha ag na cleachtais atá i gceist. Ar an gcéad dul síos, dhiúltaigh sí d'argóint na n-iarratasóirí nár shuigh an Coimisiún go raibh na cleachtais atá i gceist ina gcúis, ar thaobh amháin, le laghdú ar thrácht ó leathanaigh torthaí ginearálta Google go seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha agus, ar an taobh eile, le méadú ar thrácht ó leathanaigh torthaí ginearálta Google go dtí a sheirbhís siopadóireachta comparáide. Ar an dara dul síos, mheas sí gur ghá diúltú d'argóint na n-iarratasóirí go raibh tuairimíocht déanta ag an gCoimisiún maidir le héifeachtaí frithiomaíocha na gcleachtas atá i gceist maidir leis na margaí le haghaidh seirbhísí siopadóireachta comparáide agus gur ghá glacadh léi maidir leis na margaí náisiúnta cuardaigh ghinearálta. Ar an tríú dul síos, dhiúltaigh sí d'argóint na n-iarratasóirí nár cuireadh san áireamh na hardáin díolacháin san anailís ar éifeachtaí na gcleachtas atá i gceist. Ar an gceathrú dul síos, dhiúltaigh sí d'argóint na n-iarratasóirí nár léirigh an Coimisiún go raibh éifeachtaí frithiomaíocha ann mar gheall ar na cleachtais atá i gceist ar na margaí náisiúnta le haghaidh seirbhísí siopadóireachta comparáide.

42 Sa cheathrú háit, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don tríú cuid den chéad saincheist dlí agus, go páirteach, don tríú cuid den dara saincheist dlí, lena n-éilítear go bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann maidir le Product Universals agus Shopping Units a thaispeáint.

43 Ar an taobh eile, maidir leis na margaí náisiúnta cuardaigh ghinearálta, chinn an Chúirt Ghinearálta gur bhraith an Coimisiún ar bhreithnithe ró-neamhbheacht chun údar a thabhairt le héifeachtaí frithiomaíocha, éifeachtaí féideartha fiú, agus mar thoradh air sin seasadh leis an gcéad chuid den cheathrú saincheist dlí ó na hiarratasóirí, lena n-éilítear nach raibh san anailís ar éifeachtaí frithiomaíocha na gcleachtas atá i gceist ach tuairimíocht amháin, maidir leis na margaí sin.

44 Dá bhrí sin, chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní a mhéid amháin a chinn an Coimisiún gur sháraigh Google agus Alphabet Airteagal 102 CFAE agus Airteagal 54 de Chomhaontú LEE i 13 mhargadh náisiúnta le haghaidh cuardach ginearálta laistigh de LEE ar bhonn éifeachtaí frithiomaíocha a bheith sna margaí sin, agus dhíbh sí an chaingean maidir leis an gcuid eile. Agus a dlínse neamhtheoranta á feidhmiú, choinnigh sí ina hiomláine an fhíneáil a d'fhorchuir an Coimisiún ar na hiarratasóirí.

III. Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

45 Le hordú ó Uachtarán na Cúirte an 22 Márta 2022, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún* (C-48/22 P, EU:C:2022:207), deonaíodh láimhseáil rúnda, i leith CCIA, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Údarás Faireacháin CSTE, BEUC, Foundem, Kelkoo, VDZ, Ladenzeile, BDZV agus Twenga, idiragraithe ag an gcéad chéim, maidir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an achomharc, a thaisc na hachomharcóirí i gClárlann na Cúirte an 2 Feabhra 2022, agus leagan neamhrúnda den iarscríbhinn sin a bhí le seirbheáil ar na hidiragraithe sin.

46 Le hordú ó Uachtarán na Cúirte an 1 Meán Fómhair 2022, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún* (C-48/22 P, EU:C:2022:667), tugadh cead do PriceRunner International AB ('PriceRunner') idiragairt a dhéanamh chun tacú leis an ordú atá á lorg ag an gCoimisiún. San ordú sin, deonaíodh láimhseáil rúnda freisin i ndáil le PriceRunner, i leith Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an achomharc.

47 Le hordú ó Uachtarán na Cúirte an 1 Meán Fómhair 2022, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún* (C-48/22 P, EU:C:2022:668), diúltaíodh d'iarratas FairSearch AISBL idiragairt a dhéanamh chun tacú leis an ordú atá á lorg ag an gCoimisiún.

IV. An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe san achomharc

48 Lena n-achomharc, iarrann na hachomharcóirí ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal;

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní nó, mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta;

– a ordú don Choimisiún na costais arna dtabhú sna himeachtaí ag an gcéad chéim agus ar achomharc a íoc, agus

– a ordú do PriceRunner costais a idiragartha a íoc.

49 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– a ordú do na hachomharcóirí na costais a íoc.

50 Iarrann PriceRunner ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– a ordú do na hiarratasóirí na costais arna dtabhú acu a íoc.

51 Iarrann CCIA ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal a mhéid a sheas sé leis an gcinneadh atá faoi chonspóid;

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ina iomláine nó, mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta; agus

– a ordú don Choimisiún na costais arna dtabhú aige a íoc.

52 Iarrann Údarás Faireacháin CSTE ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– a ordú do na hachomharcóirí na costais a íoc.

53 Iarrann BEUC ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– a ordú do na hachomharcóirí na costais a thabhaigh sé san achomharc a íoc.

54 Iarrann Foundem ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe toisc é a bheith do-ghlactha go follasach nó gan bhunús ina iomláine, agus

– a ordú do na hiarratasóirí na costais arna dtabhú acu a íoc.

55 Iarrann Kelkoo ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe toisc é a bheith do-ghlactha a mhéid atá sé dírithe i gcoinne cinntí fíorais a rinne an Chúirt Ghinearálta agus toisc é a bheith gan bhunús maidir leis an gcuid eile; agus

– a ordú do na hiarratasóirí na costais arna dtabhú acu a íoc.

56 Iarrann VDZ, Ladenzeile agus BDZV ar an gCúirt Bhreithiúnais

– an t-achomharc a dhíbhe ina iomláine; agus

– a ordú do na hiarratasóirí na costais a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú acu.

57 Iarrann Twenga ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– na saincheisteanna dlí arna gcur ar aghaidh ag na hiarratasóirí a dhíbhe;

– seasamh leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc;

– an cinneadh atá faoi chonspóid a dheimhniú, agus

– a ordú do na hachomharcóirí na costais a íoc.

58 Ag éisteacht an 19 Meán Fómhair 2023, mar fhreagairt ar cheist a chuir an Chúirt Bhreithiúnais, dúirt na hachomharcóirí nach raibh siad ag iarraidh an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal ach amháin a mhéid a dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá gcaingean ag an gcéad chéim, ar tugadh nóta foirmiúil ina leith i miontuairiscí na héisteachta. Dá bhrí sin, tharraing na hachomharcóirí siar an t-achomharc a mhéid a bhí sé dírithe i gcoinne an chuid den bhreithiúnas atá faoi achomharc lenar sheas an Chúirt Ghinearálta lena gcuntair éilimh.

V. An t-achomharc

59 Mar thaca lena n-achomharc, chuir na hachomharcóirí ceithre shaincheist dlí ar aghaidh. Líomhnaítear leis an gcéad saincheist dlí earráid dlí sa mhéid gur sheas an Chúirt Ghinearálta leis an gcinneadh atá faoi chonspóid cé nár chomhlíon sé an tástáil dhlíthiúil is gá chun a chinneadh go bhfuil oibleagáid ann rochtain a thabhairt ar sheirbhísí siopadóireachta comparáide. Líomhnaítear leis an dara saincheist dlí earráid dlí sa mhéid gur sheas an Chúirt Ghinearálta leis an gcinneadh atá faoi chonspóid cé nár shainaithin sé iompar a d'imigh ó iomaíocht ar na tuillteanais. Éilítear leis an tríú saincheist dlí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid agus scrúdú á dhéanamh aici ar an nasc cúisíoch idir an mhí-úsáid líomhainte agus na héifeachtaí dóchúla. Éilítear leis an gceathrú saincheist dlí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid agus í ag cinneadh nach raibh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh an bhféadfadh an t-iompar iomaitheoirí atá chomh héifeachtúil céanna a eisiamh.

A. Inghlacthacht

60 Áitíonn Foundem nach mór an t-achomharc a dhíbhe toisc é a bheith do-ghlactha go follasach. Áitíonn sé, go bunúsach, go bhféachann na hachomharcóirí, gan agóid oscailte a dhéanamh i gcoinne na bhfíoras a suíodh sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, lena leagan féin de na fíorais sin a chur ina n-ionad, ar leagan é atá contrártha le cinntí na Cúirte Ginearálta. Baineann an cur i láthair míthreorach saofa sin ar na fíorais le gach ceann de na ceithre shaincheist dlí ar achomharc, ós rud é go bhfuil na hargóintí dlíthiúla a chuirtear chun cinn mar thaca leis na saincheisteanna dlí sin bunaithe ar mhíchruinneas fíorasach.

61 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 256(1) CFAE agus leis an gcéad mhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, gur ar phoncanna dlí amháin atá an t-achomharc. Tá dlínse eisiach ag an gCúirt Ghinearálta chun na fíorais ábhartha a chinneadh agus a mheasúnú agus chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise. Dá bhrí sin, ní hionann breithmheas ar na fíorais sin agus breithmheas ar an bhfianaise sin, seachas i gcás ina ndéantar na fíorais agus an fhianaise a shaobhadh, agus pointe dlí atá, ann féin, faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar achomharc (breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *Lietuvos geležinkeliai* v *an Coimisiún*, C-42/21 P, EU:C:2023:12, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

62 Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, ní mór measúnú a dhéanamh ar an bhfíoras go mbunaíonn na hachomharcóirí na hargóintí dlíthiúla a cuireadh chun cinn ina n-achomharc ar chur i láthair saofa na bhfíoras a suíodh sa bhreithiúnas atá faoi achomharc i gcomhthéacs scrúdú ar thuillteanais an bhreithiúnais sin. Ar an dara dul síos, níl an cáineadh ar chur i láthair míthreorach na bhfíoras a suíodh sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, gan agóid a dhéanamh i gcoinne fhírinne na bhfíoras sin, fiú má bhí bunús maith leis, de chineál a d'fhágfadh go mbeadh an t-achomharc do-ghlactha.

63 Ina theannta sin, sa chás seo, aithnítear san achomharc, le cruinneas leordhóthanach, i ngach ceann dá shaincheisteanna dlí, na míreanna den bhreithiúnas atá faoi achomharc atá faoi chonspóid agus leagtar amach ann na forais ar a bhfuil, de réir na n-achomharcóirí, na míreanna sin curtha ó bhail mar gheall ar earráidí dlí, rud a chuireann ar chumas na Cúirte a hathbhreithniú ar dhlíthiúlacht a dhéanamh.

64 Is léir ó na breithnithe roimhe seo go bhfuil an t-achomharc seo inghlactha.

B. Substaint an cháis

1. An chéad saincheist dlí

(a) Argóintí na bpáirtithe

65 Leis an gcéad saincheist dlí, atá comhdhéanta de dhá chuid, déanann na hachomharcóirí, le tacaíocht ó CCIA, gearán gur sheas an Chúirt Ghinearálta leis an gcinneadh atá faoi chonspóid cé nár léirigh an Coimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha is gá chun oibleagáid soláthair a bhunú, a bhunaítear leis an gcásdlí agus a mheabhraítear i míreanna 213, 215 agus 216 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

66 I ndáil leis sin, áitíonn na hachomharcóirí gur cáineadh Google, go bunúsach, toisc nár chuir sé ar fáil do na seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha rochtain ar 'bhoscaí' tiomnaithe atá suite go feiceálach ar a leathanaigh torthaí, le gnéithe taispeána saibhrithe agus nach dócha go ndéanfaí iad a íosghrádú le halgartaim amhail Panda.

67 Leis an gcéad chuid den chéad saincheist dlí, cáineann na hachomharcóirí an Chúirt Ghinearálta as a measúnú féin a chur in ionad mheasúnú an Choimisiúin sa chinneadh atá faoi chonspóid go neamhdhleathach, i míreanna 224 go 228 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur comhlíonadh na coinníollacha is gá chun oibleagáid soláthair a bhunú. Áitíonn siad gur shonraigh an Chúirt Ghinearálta go raibh gnéithe ar leathanach torthaí ginearálta Google a thug níos gaire do shaoráid fhíor-riachtanach é (mír 224), gur mheas an Coimisiún go raibh trácht Google fíor-riachtanach le haghaidh seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha (mír 227) agus gur shainaithin an Coimisiún riosca go gcuirfí deireadh leis an iomaíocht uile (mír 228). Dar leo, ní dhéantar na cinntí sin sa chinneadh atá faoi chonspóid, áfach, mar a dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta féin i mír 223 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nuair a shonraigh sí nár thagair an Coimisiún do chritéir na hoibleagáide soláthair.

68 Leis an dara cuid den chéad saincheist dlí, áitíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i míreanna 229 go 249 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, sa mhéid gur chinn sí nár ceanglaíodh ar an gCoimisiún, d'fhonn a chinneadh an ann don mhí-úsáid líomhainte, an tástáil a bunaíodh i mír 41 de bhreithiúnas an 26 Samhain 1998, *Bronner* (C-7/97, EU:C:1998:569), a chur i bhfeidhm.

69 I ndáil leis sin, maíonn na hachomharcóirí gur shainaithin an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 220, 229 agus 287 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, an mhí-úsáid líomhainte mar shárú, go bunúsach, ag Google ar a oibleagáid rochtain a sholáthar. Mar sin féin, i mír 229 den

bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh na gnéithe den chleachtas atá i gceist éagsúil ón diúltú soláthair a bhí i gceist sa chás inar tugadh breithiúnas an 26 Samhain 1998, *Bronner* (C-7/97, EU:C:1998:569).

70 Leis an gcéad ghearán, cáineann na hachomharcóirí an Chúirt Ghinearálta toisc gur chinn sí, i míreanna 237 go 240 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur cheart idirdhealú a dhéanamh idir an cás seo agus cás a bhaineann le diúltú soláthair, ós rud é go mbaineann sé le 'difríocht sa chóir'. Dar leo, níl i gcás a bhaineann le diúltú soláthair ach cineál áirithe cáis a bhaineann le difríocht sa chóir, ós rud é go gciallódh sé gur choinnigh an gnóthas lena mbaineann sócmhainn ar mhaithe lena bhrabús féin, agus gur dhiúltaigh sé í a sholáthar dá iomaitheoirí ag an am céanna.

71 De réir na n-achomharcóirí, ba é an fhadhb a sainaithníodh sa chás seo suiteáil a bheith ann, arb é a bhí ann ná na 'boscaí', nach raibh rochtain ag seirbhísí iomaíocha siopadóireachta comparáide uirthi agus go raibh an tsuiteáil sin níos tarraingtí, ó thaobh suímh, saintréithe agus easpa íosghrádaithe de, ná an tsuiteáil dár tairgeadh 'rochtain' iarbhír do na seirbhísí siopadóireachta comparáide sin, i gcomhréir leis na téarmaí a d'úsáid an Chúirt Ghinearálta i míreanna 219 agus 243 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, eadhon cur i láthair na dtorthaí cineálacha. Dar leo, ní bheadh cur síos ar an mí-úsáid líomhainte mar mheascán de roinnt cleachtas, eadhon torthaí ó sheirbhís siopadóireachta comparáide Google a thaispeáint i 'mboscaí' feiceálacha agus torthaí ó sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha a thaispeáint i dtorthaí cineálacha a d'fhéadfaí a íosghrádú, ach ina bhealach eile chun a chur in iúl gur chaith Google le torthaí óna sheirbhís siopadóireachta comparáide ar bhealach éagsúil leis na torthaí ó sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha ar an bhforas nár thug sé rochtain ar na 'boscaí' do na seirbhísí sin. Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a luaigh an Chúirt Ghinearálta i mír 232 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní 'cleachtas eistreach' í an difríocht sa chóir atá faoi cheist, atá éagsúil ón rochtain.

135 Ar an dara dul síos, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a mhainnigh sí a shuíomh go raibh difríocht threallach sa chóir ag Google, ní leor cóir éagsúil a chur i bhfeidhm chun teacht ar an gconclúid go raibh idirdhealú ann. Dar leis na hiarratasóirí, níl sé treallach go ngníomhódh seirbhís cuardaigh mar tháirgeoir a torthaí féin amháin, bunaithe ar a sonraí agus ar a halgartaim. Ina theannta sin, is difríocht ábhartha oibiachtúil é neamhábaltacht Google torthaí speisialaithe ó thríú páirtithe a thaispeáint leis an leibhéal céanna iontaofachta agus cáilíochta agus atá ag a thorthaí féin. Ar na cúiseanna céanna, níl bunús leis an gcáineadh a rinne an Chúirt Ghinearálta, a cuireadh in iúl i míreanna 287, 291 agus 292 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach gcuirtear an chóir chéanna ar na torthaí speisialaithe le haghaidh táirgí ó thríú páirtithe agus a chuirtear ar thorthaí Google, fiú má bhí siad thar a bheith ábhartha. Mar tháirgeoir torthaí cuardaigh, taispeánann Google na torthaí is fearr atá sé in ann a tháirgeadh. Ina theannta sin, áitíonn na hachomharcóirí, cé go gcuirtear ina leith gur chaith siad ar bhealach éagsúil le dhá chineál de thorthaí Google, mar is léir ó mhír 575 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh an difríocht sin bunaithe freisin ar bhreithnithe oibiachtúla agus réasúnacha.

136 Ina bhfreagra, deir na hiarratasóirí go n-imíonn gnóthas ceannasach ó iomaíocht ar na tuillteanais má bhaineann sé an bonn de cháilíocht a sheirbhíse agus má ghníomhaíonn sé in aghaidh a leasa.

137 Déanann an Coimisiún, PriceRunner, BEUC, Foundem, Kelkoo, VDZ, Ladenzeile, BDZV agus Twenga argóintí na n-achomharcóirí a dhíospóid agus maíonn siad nach mór diúltú don dara saincheist dlí toisc í a bheith do-ghlactha agus gan éifeacht go páirteach agus, in aon chás, gan bhunús.

(b) Measúnú na Cúirte

138 Lena ndara saincheist dlí, déanann na hachomharcóirí gearán go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag cinneadh gur shuigh an Coimisiún nár tháinig an t-iompar atá i gceist faoi raon feidhme na hiomaíochta ar na tuillteanais.

139 I ndáil leis sin, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 166 agus 167 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'fhonn teacht ar an gconclúid go ndearnadh sárú ar Airteagal 102 CFAE, ní hamháin gur thagair an Coimisiún do chleachtais trí bhrú, ach gur mheas sé, leis an éifeacht sin, go raibh Google ag brath ar a cheannasacht sa mhargadh le haghaidh cuardach ginearálta chun tús áite a thabhairt dá sheirbhís siopadóireachta comparáide ar an margadh le haghaidh cuardach siopadóireachta comparáide speisialaithe, trí shuíomh agus cur i láthair a sheirbhíse siopadóireachta comparáide agus ar a thorthaí ar na leathanaigh torthaí ginearálta a chur chun cinn, i gcomparáid le seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha.

140 I mír 168 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, luaigh an Chúirt Ghinearálta, i bpointe 344 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur thug an Coimisiún faoi deara nach bhféadfadh torthaí ó sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha a bheith le feiceáil ach mar thorthaí cineálacha, eadhon naisc ghorma shimplí, agus go raibh claonadh ann freisin go mbainfí iad de leathanaigh torthaí ginearálta Google le halgartaim choigeartaithe, agus go raibh torthaí ó sheirbhís siopadóireachta comparáide Google suite ar bhealach infheicthe ar na leathanaigh torthaí ginearálta sin ar bharr na leathanach torthaí ginearálta sin, arna gcur i láthair i bhformáid shaibhrithe agus níorbh fhéidir iad a íosghrádú leis na halgartaim sin. Dúirt an Chúirt Ghinearálta freisin gurb é an toradh a bhí ar na cleachtais sin, dar leis an gCoimisiún, ná difríocht sa chaoi a gcaitheann Google leo i bhfoirm fabhar dá sheirbhís siopadóireachta comparáide.

141 I míreanna 169 go 173 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, i gCodanna 7.2.2 go 7.2.4 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur mhínigh an Coimisiún, go háirithe, mar gheall ar thrí chúinse shonracha a bheith ann, go bhféadfadh an fabhar sin a bheith ina chúis le lagú san iomaíocht ar an margadh. Leag an Chúirt Ghinearálta amach anailís an Choimisiúin maidir leis na trí chúinse sin, dá dtagraítear freisin i mír 196 den bhreithiúnas sin, arbh iad, ar an gcéad dul síos, tábhacht an tráchta arna ghiniúint ag inneall cuardaigh ghinearálta Google do sheirbhísí siopadóireachta comparáide, ar an dara dul síos, iompar na n-úsáideoirí a dhéanann cuardaigh idirlín agus, ar an tríú dul síos, gurbh ionann an trácht atreoraithe ó leathanaigh torthaí ginearálta Google agus cion mór den trácht chuig seirbhísí iomaíocha siopadóireachta comparáide agus nárbh fhéidir foinsí eile a chur ina ionad i ndáiríre.

142 I mír 174 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nach ndearna an Coimisiún earráid dlí nuair a chinn sé gurbh ionann tábhacht thrácht Google óna leathanaigh cuardaigh ghinearálta mar aon lena chineál neamh-inathsholáthraithe, i bhfianaise na ngnéithe comhthéacsúla dá dtagraítear i míreanna 168 go 173 den bhreithiúnas sin, agus imthosca ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ina gcleachtais nach bhfuil mar chuid d'iomaíocht ar na tuillteanais.

143 I mír 175 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nach amháin gur shuigh an Coimisiún go raibh brú ann agus gur aicmigh sé cleachtais Google a bhí ag gabháil leis an éifeacht sin de réir dlí, ag brath ar chritéir ábhartha. Dá bhrí sin, bhí an Chúirt Ghinearálta den tuairim, ar choinníoll gur léirigh an Coimisiún go bailí an fabhar agus a éifeachtaí, a sainaithníodh i bhfianaise imthosca sonracha na margaí lena mbaineann, rud a bhí ina ábhar do scrúdú a rinne an Chúirt Ghinearálta ina dhiaidh sin, gur chinn an Coimisiún, agus an ceart aige, gur imigh an fabhar ó iomaíocht ar na tuillteanais.

144 I mír 189 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, dúirt an Chúirt Ghinearálta freisin nár neamhbhailíodh an chonclúid sin le hargóintí CCIA gur sáraíodh prionsabal na deimhneachta dlíthiúla in éagmais tástáil dhlíthiúil shoiléir sa chinneadh atá faoi chonspóid. I ndáil leis sin, thug sí faoi deara, i mír 195 den bhreithiúnas sin, gur fíor go leagtar amach in aithris 341 den chinneadh sin na cúiseanna gur imigh na cleachtais atá i gceist ó iomaíocht ar na tuillteanais trína lua, go bunúsach, go ndearna na cleachtais sin trácht a atreorú agus, ar an dara dul síos, go bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith acu. Dá bhrí sin, leis an aithris sin, arna léamh ina haonar, ba chosúil gur thuig an Coimisiún gur imigh na cleachtais sin ón iomaíocht ar na tuillteanais ó na héifeachtaí eisiatacha a bhí ann dá bharr.

145 In mír 196, áfach, mheas an Chúirt Ghinearálta gur ghá aithris 341 a léamh i gcomhar le haithris 342 den chinneadh atá faoi chonspóid, inar leag an Coimisiún amach, 'chun a léiriú cén fáth a bhfuil an t-iompar mí-úsáideach agus nach dtagann sé faoi raon feidhme na hiomaíochta

ar na tuillteanais', gurbh é a bhí sna cleachtais atá i gceist ná Google a bheith ag tabhairt tús áite dá sheirbhís siopadóireachta comparáide féin thar sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha agus gur tháinig an fabhar sin chun cinn i gcomhthéacs ar leith. Leagtar amach san aithris dheireanach sin an iliomad tosca a chuir an Coimisiún san áireamh chun a léiriú cén fáth ar imigh an cleachtas atá i gceist ón iomaíocht ar na tuillteanais agus, go háirithe, na trí chúinse shonracha a leagtar amach i gCodanna 7.2.2 go 7.2.4 den chinneadh atá faoi chonspóid agus a mheabhraítear i míreanna 170 go 173 den bhreithiúnas sin.

146 I mír 197 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, dá bhrí sin, gur fhág anailís an Choimisiúin as ar eascair cinneadh maidir le mí-úsáid trí bhrú gurbh fhéidir teacht ar an gconclúid go ndearnadh sárú trí bhrath, ar an gcéad dul síos, ar thosca amhrasacha ó thaobh dhlí na hiomaíochta de a bhí in easnamh i gcás diúltú rochtana, go háirithe difríocht gan údar sa chóir, agus, ar an dara dul síos, ar imthosca sonracha, a bhaineann le cineál an bhonneagair is bonn leis an difríocht sin sa chóir, sa chás seo méid tráchta Google óna leathanaigh cuardaigh ghinearálta agus an amhlaidh nach raibh sé in-athsholáthraithe i ndáiríre.

(1) An chéad chuid den dara saincheist dlí

147 Leis an gcéad chuid den dara saincheist dlí, cáineann na hachomharcóirí, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i míreanna 175 agus 197 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus í ag cinneadh go raibh na trí chúinse shonracha dá dtagraítear i míreanna 169 go 174 agus 196 den bhreithiúnas sin ábhartha chun a chinneadh ar tháinig an t-iompar atá i gceist faoi raon feidhme na hiomaíochta ar na tuillteanais.

(i) Inghlacthacht

148 Áitíonn an Coimisiún nach bhfuil an chéad chuid den dara saincheist dlí inghlactha. Ní féidir leis na hachomharcóirí a éileamh os comhair na Cúirte den chéad uair gur bhain na trí chúinse sin, a leagtar amach i Roinn 7.2 den chinneadh atá faoi chonspóid, leis an bhféidearthacht go bhféadfadh an t-iompar atá i gceist an iomaíocht a shrianadh, seachas nach dtagann sé faoi raon feidhme na hiomaíochta ar na tuillteanais.

149 Chun rialú a thabhairt ar an bpléadáil maidir le do-ghlacthacht a d'ardaigh an Coimisiún mar sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, leis an gcéad chuid den dara saincheist dlí seo, go ndéanann na hachomharcóirí agóid i gcoinne cuid de fhreagra na Cúirte Ginearálta ar an gcúigiú saincheist dlí den chaingean ag an gcéad chéim, a leagtar amach i míreanna 169 go 175 agus 197 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

150 De réir na hachoimre i mír 136 den bhreithiúnas sin, leis an gcéad chuid den chúigiú saincheist dlí sin, mhaígh na hachomharcóirí nár sainaithníodh leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, in iompar Google arbh é a bhí i gceist leis feabhsuithe cáilíochtúla a chur i bhfeidhm ar a sheirbhís cuardaigh idirlín, gnéithe a bhí ag imeacht ó iomaíocht ar na tuillteanais.

151 Leis an gcéad chuid den dara saincheist dlí, cuireann na hachomharcóirí i gcoinne an léirithe agus an chur i bhfeidhm de dhlí an Aontais Eorpaigh a rinne an Chúirt Ghinearálta, a d'fhág gur chinn sí, i míreanna 175 agus 197 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár bhraith an Coimisiún go huile agus go hiomlán ar éifeachtaí eisiatacha a bheith ann a eascraíonn as na cleachtais atá i gceist chun a chinneadh gur imigh na cleachtais sin ó iomaíocht ar na tuillteanais.

152 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, gurb é a bheadh i gceist le cead a thabhairt do pháirtí saincheist dlí nár ardaigh sé os comhair na Cúirte Ginearálta a chur ar aghaidh den chéad uair os a comhair ná ligean don pháirtí sin cás a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais ar réimse níos leithne é ná an réimse a d'éist an Chúirt Ghinearálta. In achomharc, tá dlínse na Cúirte, mar riail ghinearálta, teoranta d'athbhreithniú ar an measúnú a rinne an Chúirt Ghinearálta ar na saincheisteanna a ardaíodh os a comhair. Mar sin féin, ní hionann argóint nár ardaíodh ag an gcéad chéim agus saincheist nua atá do-ghlactha ag céim an achomhairc mura ndéanann sí ach argóint a forbraíodh cheana féin i gcomhthéacs saincheist a cuireadh ar aghaidh san iarratas os comhair na Cúirte Ginearálta a fhorbairt (breithiúnas an 9 Nollaig 2020, *Groupe Canal +* v *an Coimisiún*, C-132/19 P, EU:C:2020:1007, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

153 Ina theannta sin, le saincheist dlí ar achomharc, ní mór a iarraidh go ndéanfaí an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta atá an t-iarratasóir ag iarraidh a chur ar ceal, seachas an cinneadh a bhí faoi chonspóid ag an gcéad chéim a chur ar neamhní, trí argóintí a chur san áireamh lena n-aithnítear go sonrach an earráid dlí a líomhnaítear lena gcuirtear an breithiúnas sin ó bhail. Dá bhrí sin, tá achomharcóir i dteideal achomharc a dhéanamh trí agairt a dhéanamh d'fhorais a eascraíonn as an mbreithiúnas atá faoi achomharc féin agus a fhéachann lena thuillteanais a cháineadh sa dlí (breithiúnas an 25 Eanáir 2022, *an Coimisiún* v *European Food agus páirtithe eile*, C-638/19 P, EU:C:2022:50, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear).

154 Sa chás seo, murab ionann agus an méid a áitíonn an Coimisiún, tá dlúthbhaint ag na hargóintí a chuir na hachomharcóirí chun cinn i gcomhthéacs an chéad chuid den dara saincheist dlí leis an gcúigiú saincheist dlí a leagtar amach san iarratas ag an gcéad chéim, lenar caitheadh amhras ar na torthaí a fuarthas ó aithris 341 den chinneadh atá faoi chonspóid go dtagann na cleachtais atá i gceist lasmuigh de réimse na hiomaíochta ar na tuillteanais, agus, a mhéid a fhéachann siad lena léiriú go raibh an Chúirt Ghinearálta mícheart, i míreanna 175 agus 197 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, a mheas gur chinn an Coimisiún gur aicmíodh de réir dlí na cleachtais atá i gceist lena ngabhann brú, ar bhonn critéir ábhartha, is ionann iad agus forbairt na saincheiste sin seachas saincheist nua, arna hardú den chéad uair i gcomhthéacs an achomhairc.

155 Thairis sin, ní hamháin go n-atáirgeann na hachomharcóirí na hargóintí a cuireadh ar aghaidh ag an gcéad chéim, ach maíonn siad go ndearna an Chúirt Ghinearálta, agus í ag freagairt do na hargóintí sin, an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ó bhail trí earráid dlí. Dá bhrí sin, cé go gcuirtear cuid d'argóintí na n-achomharcóirí os comhair na Cúirte Breithiúnais den chéad uair, mar a chuireann an Coimisiún in iúl, is amhlaidh fós gur eascair an argóint sin as an mbreithiúnas atá faoi achomharc féin.

156 Dá bhrí sin, tá an chéad chuid den dara saincheist dlí inghlactha.

(ii) Substaint an cháis

157 Tar éis a mheabhrú, i míreanna 164 agus 165 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach dtoirmisctear na héifeachtaí féin trí bhrú a chleachtann gnóthas ceannasach le hAirteagal 102 CFAE agus nach mór raon feidhme ábhartha an dliteanais speisialta a fhorchuirtear ar ghnóthas ceannasach a mheasúnú i bhfianaise imthosca sonracha gach cáis, rud a léiríonn lagú na hiomaíochta, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 166 go 175 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár theorannaigh an Coimisiún, sa chinneadh atá faoi chonspóid, é féin do bhrú den sórt sin a chinneadh agus gur aicmíodh, de réir dlí, cleachtais Google a bhí ag gabháil leis an éifeacht sin, ar bhonn critéir ábhartha, agus mar thoradh air sin

nach ndearna sé earráid dlí agus é á chinneadh nár tháinig an t-iompar atá faoi cheist, arbh é a bhí ann gur chuir Google a sheirbhís siopadóireachta comparáide chun tosaigh, faoi raon feidhme na hiomaíochta ar na tuillteanais.

158 Ar an gcaoi chéanna, i míreanna 195 go 197 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nár bhain an Coimisiún de thátal as mí-úsáid trí bhrú éifeachtaí eisiatacha a bheith ann mar thoradh ar na cleachtais sin, ach gur bhunaigh sé a anailís trí bhrath, ar an gcéad dul síos, ar thosca amhrasacha faoi dhlí na hiomaíochta, go háirithe difríocht gan údar sa chóir, agus, ar an dara dul síos, ar imthosca sonracha ábhartha a bhaineann le cineál an bhonneagair is bonn leis an difríocht sin sa chóir, rud a chuir ar a chumas a chinneadh go ndearnadh sárú ar Airteagal 102 CFAE.

159 Maidir leis na himthosca sonracha a raibh an Coimisiún ag brath orthu sa chinneadh atá faoi chonspóid, a leagtar amach i míreanna 169 go 173 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, bhain an chéad cheann de na himthosca sin le méid an tráchta arna ghiniúint ag inneall cuardaigh ghinearálta Google le haghaidh seirbhísí siopadóireachta comparáide. Thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, go háirithe, gur mhínigh an Coimisiún gur fhág an trácht gurbh fhéidir tairbhe a bhaint as éifeachtaí dearfacha líonra, ós rud é gur mó a fuair seirbhís siopadóireachta comparáide cuairteanna ó úsáideoirí idirlín, is ea is mó a mhéadaigh sé ábharthacht agus úsáideacht a sheirbhísí agus is mó a bhí claonadh ag na ceannaithe é a úsáid. Dúirt sí freisin go bhféadfadh fáinne fí a bheith mar thoradh ar chailliúint an tráchta sin agus ar deireadh thiar go scoirfeadh sé den mhargadh.

160 Ba é an dara ceann iompar na n-úsáideoirí agus cuardaigh idirlín á ndéanamh acu. Shonraigh an Chúirt Ghinearálta, *inter alia*, gur luaigh an Coimisiún gur dhírigh na húsáideoirí sin, go ginearálta, ar na chéad trí nó cúig thoradh cuardaigh, nár thug siad aird ar bith nó nár thug siad mórán airde ar na torthaí a tháinig ina dhiaidh sin, agus go háirithe ar na torthaí faoi bhun an chuid den scáileán a bhí infheicthe láithreach, agus go raibh claonadh acu a thoimhdiú gurb iad na torthaí is infheicthe na torthaí is ábhartha, beag beann ar a n-ábharthacht iarbhír.

161 Ba é an tríú imthoisc tionchar an tráchta atreoraithe. De réir na Cúirte Ginearálta, chuir an Coimisiún in iúl gur sciar mór den trácht chuig seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha a bhí sa trácht sin agus nach bhféadfaí foinsí eile a chur ina ionad i ndáiríre, lena n-áirítear fógraí téacs, feidhmchláir mhóibíleacha, trácht díreach, atreoruithe chuig suíomhanna comhpháirtíochta, líonraí sóisialta nó innill cuardaigh eile.

162 Mar is léir ó mhíreanna 174 agus 197 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nach ndearna an Coimisiún earráid dlí nuair a chinn sé gurbh ionann tábhacht thrácht Google óna leathanaigh cuardaigh ghinearálta agus a chineál neamh-inathsholáthraithe, i bhfianaise na ngnéithe comhthéacsúla dá dtagraítear i míreanna 168 go 173 den bhreithiúnas sin, agus imthosca ábhartha a d'fhéadfadh cleachtais nach bhfuil mar chuid d'iomaíocht ar bhonn tuillteanais a thréithriú.

163 Chun a mheas an bhfuil earráid dlí ag baint le cinntí na Cúirte Ginearálta mar a mhaíonn na hachomharcóirí, ní mór a mheabhrú, agus an fhreagracht speisialta á forchur ar ghnóthais a bhfuil ceannasacht acu gan dochar a dhéanamh, trína n-iompar, d'iomaíocht éifeachtach neamhshaofa sa mhargadh inmheánach, ní dhéantar coir as Airteagal 102 CFAE as ceannasacht a bheith acu ann féin ach as mí-úsáid an tsuímh sin amháin (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 128 agus an cásdlí dá dtagraítear).

164 Níl Airteagal 102 CFAE ceaptha cosc a chur ar ghnóthais ceannasacht a fháil, ar a bhfiúntas féin, ar mhargadh amháin nó níos mó ná sin ná a áirithiú go bhfanfaidh gnóthais iomaíocha nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna leo siúd a bhfuil suíomh den sórt sin acu ar an margadh. Seachas sin, d'fhéadfadh sé, mar thoradh ar iomaíocht bunaithe ar thuillteanais, go n-imeodh gnóthais iomaíocha nó go ndéanfaí iad a imeallú, ar gnóthais iad nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna agus, dá bhrí sin, nach bhfuil chomh tarraingteach céanna do thomhaltóirí ó thaobh praghais, aschuir, rogha, cáilíochta nó nuálaíochta de, *inter alia* (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, míreanna 126 agus 127 agus an cásdlí dá dtagraítear).

165 Chun a mheas, i gcás ar leith, nach mór iompar a aicmiú mar 'mhí-úsáid ceannasachta' de réir bhrí Airteagal 102 CFAE, is gá, mar riail ghinearálta, a léiriú, trí leas a bhaint as modhanna atá éagsúil ó na modhanna lena rialaítear iomaíocht ar na tuillteanais idir gnóthais, go bhfuil sé d'éifeacht iarbhír nó fhéideartha ag an iompar sin an iomaíocht sin a shrianadh trí ghnóthais iomaíocha atá chomh héifeachtúil céanna a eisiamh ón margadh/ó na margaí lena mbaineann, nó trína bhforbairt ar na margaí sin a chosc, agus go bhféadfadh na margaí sin a bheith ina margaí ina bhfuil an cheannasacht agus ina margaí, bídís gaolmhar nó comharsanach, i gcás ina bhfuil sé beartaithe go mbeadh éifeachtaí iarbhír nó féideartha ag an iompar sin (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 129 agus an cásdlí dá dtagraítear).

166 Ní mór an léiriú sin, a bhféadfadh scálaí éagsúla anailíse a bheith i gceist leis de réir an chineáil iompair atá i gceist i gcás ar leith, a dhéanamh mar sin féin, i ngach cás, trí mheasúnú a dhéanamh ar na himthosca fíorasacha ábhartha go léir, cibé acu a bhaineann siad leis an iompar sin é féin, leis an margadh nó leis na margaí ábhartha nó le feidhmiú na hiomaíochta air nó orthu sin. Thairis sin, ní mór féachaint leis an léiriú sin, ar bhonn anailís agus fianaise bheacht agus nithiúil, go bhfuil sé de chumas ag an iompar sin, ar a laghad, éifeachtaí eisiatacha a bheith aige (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 130 agus an cásdlí dá dtagraítear).

167 De bhreis ar iompar a bhfuil sé d'éifeacht iarbhír nó ionchasach aige an iomaíocht ar na tuillteanais a shrianadh trí ghnóthais iomaíocha atá chomh héifeachtúil céanna a eisiamh ón margadh/ó na margaí ábhartha, féadfar iompar a léirítear go bhfuil éifeacht iarbhír nó ionchasach aige, nó fiú a chuspóir, bac a chur ar ghnóthais is iomaitheoirí féideartha ag céim roimhe sin, trí bhacainní ar iontráil a thabhairt isteach nó trí bhearta eisiatacha eile nó modhanna eile seachas iad siúd lena rialaítear an iomaíocht ar na tuillteanais, a aicmiú freisin mar 'mhí-úsáid ceannasachta' fiú ar rochtain ar an margadh sin nó ar na margaí sin agus, ar an gcaoi sin, cosc a chur ar fhorbairt na hiomaíochta ar na margaí sin chun aimhleasa na dtomhaltóirí, trí theorainn a chur leis an táirgeadh, le forbairt táirgí nó seirbhísí malartacha nó leis an nuálaíocht (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 131 agus an cásdlí dá dtagraítear).

168 Leanann sé ón gcásdlí sin go n-áirítear leis na himthosca fíorasacha ábhartha ní hamháin iad siúd a bhaineann leis an iompar féin, ach iad siúd ar an margadh/na margaí ábhartha nó feidhmiú na hiomaíochta air/orthu freisin. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil imthosca a bhaineann leis an gcomhthéacs ina gcuirtear iompar an ghnóthais i gceannas chun feidhme, amhail saintréithe na hearnála lena mbaineann, ábhartha.

169 Ní mór a mheas go raibh na himthosca sonracha a leagtar amach i míreanna 169 go 173 den bhreithiúnas atá faoi achomharc ina ngnéithe den chomhthéacs ina raibh inneall cuardaigh ghinearálta agus seirbhísí siopadóireachta comparáide Google ag feidhmiú, agus inar cuireadh an t-iompar atá i gceist chun feidhme.

170 Go háirithe, contrártha leis an méid a áitíonn na hachomharcóirí, ní bhaineann na himthosca sin le héifeachtaí na gcleachtas atá i gceist amháin ná leis na tosca a bhaineann leis na cleachtais sin amháin, ach, mar a thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara i mír 174 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, is féidir leo a bheith ina gcleachtais nach bhfuil mar chuid d'iomaíocht ar na tuillteanais.

171 Bhí na himthosca sin ábhartha maidir le haicmiú dlíthiúil na gcleachtas atá i gceist – eadhon, ar an gcéad dul síos, suíomh agus cur i láthair níos fabhraí thorthaí speisialaithe Google féin ar a leathanaigh torthaí ginearálta ná na torthaí ó sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha agus, ar an dara dul síos, an t-íosghrádú comhchéimneach, trí algartaim choigeartaithe, ar thorthaí ó sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha – ós rud é gur fhág siad gur féidir na cleachtais sin a chur i gcomhthéacs an dá mhargadh lena mbaineann agus fheidhmiú na hiomaíochta ar na margaí sin agus, dá bhrí sin, bhí siad in ann a léiriú nach raibh na héifeachtaí eisiatacha féideartha ar an margadh iartheachtach, is é sin le rá, an cuardach speisialaithe le haghaidh siopadóireacht chomparáide, agus an rath a bhí ar sheirbhís siopadóireachta comparáide Google ar an margadh sin ó cuireadh chun feidhme na cleachtais sin, a sainaithníodh sa chinneadh atá faoi chonspóid, mar thoradh ar thuillteanais na seirbhíse sin, ach ar na cleachtais chéanna sin in éineacht leis na himthosca sonracha a sainaithníodh.

172 Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta an anailís ar an iompar atá i gceist chun a chinneadh ar imigh an t-iompar sin ón iomaíocht ar bhonn tuillteanas a mheascadh le hanailís ar éifeachtaí an iompair sin ar shlí ar bith. Seachas sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 143 dá Tuairim, is léir ón réasúnaíocht a leagtar amach i míreanna 168 go 175 den bhreithiúnas atá faoi achomharc go ndearna an Chúirt Ghinearálta scrúdú cúramach an raibh an Coimisiún i dteideal a mheas, sa chinneadh atá faoi chonspóid, go bhféadfaí na cleachtais atá i gceist, agus ní hamháin a n-éifeachtaí, a aicmiú sa dlí mar chleachtais a imíonn ón iomaíocht ar na tuillteanais.

173 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach ndéantar míreanna 175 agus 197 den bhreithiúnas atá faoi achomharc a chur ó bhail mar gheall ar aon earráid dlí.

174 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad chuid den dara saincheist dlí.

(2) An dara agus an tríú cuid den dara saincheist dlí

175 Leis an dara cuid den dara saincheist dlí, déanann na hachomharcóirí gearán go ndearna an Chúirt Ghinearálta, maidir le bheith ag imeacht ó na modhanna iomaíochta ar na tuillteanais, gnéithe den réasúnaíocht nach raibh sa chinneadh atá faoi chonspóid a chur san áireamh agus, dá bhrí sin, gur chuir sí a réasúnaíocht féin in ionad réasúnaíocht an Choimisiúin, agus go ndearna sí earráid dlí dá bhrí sin. Baineann na gnéithe breise réasúnaíochta sin, ar an gcéad dul síos, le critéar measúnaithe dlí níos déine do ghnóthais 'ollcheannasacha' (míreanna 180, 182 agus 183 den bhreithiúnas faoi achomharc), ar an dara dul síos, leis an measúnú, ag féachaint do bhonneagar innill cuardaigh Google, atá oscailte i bprionsabal, gur critéar neamhghnách é go dtugtar tús áite do thorthaí

cuardaigh sonracha áirithe seachas torthaí cuardaigh iomaíocha (míreanna 176 go 184), agus, ar an tríú dul síos, leis an measúnú go raibh an t-iompar atá i gceist idirdhealaitheach (míreanna 71, 124, 237, 240, 279 agus 284 go 289).

176 Leis an tríú cuid den dara saincheist dlí, áitíonn na hiarratasóirí, in aon chás, go bhfuil na heilimintí breise réasúnaíochta sin mícheart de réir dlí.

177 Is iomchuí scrúdú a dhéanamh, sa chéad áit, ar argóint na n-iarratasóirí lena maíonn siad, sa dara cuid den dara saincheist dlí, nach bhfuil aicmiú an iompair a ndéantar gearán ina leith ina chóir idirdhealaitheach le feiceáil sa chinneadh atá faoi chonspóid agus, sa tríú cuid, go bhfuil an t-aicmiú sin mícheart ar aon nós.

178 Ar an gcéad dul síos, contrártha le hargóintí na n-achomharcóirí, a thagraíonn do mhíreanna 71, 124, 237, 240, 279, 284 go 289 agus 316 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní léir ó na míreanna sin gur chuir an Chúirt Ghinearálta aicmiú an iompair atá i gceist leis an aicmiú a ghlac an Coimisiún.

179 I míreanna 71 agus 124 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, níor aicmigh an Chúirt Ghinearálta an t-iompar sin. Sa chéad cheann de na míreanna sin, ní dhearna sí ach achoimre ar an ordú chun scor agus éirí as a leagtar amach in Airteagal 3 den chuid oibríochtúil den chinneadh atá faoi chonspóid. Sa dara mír, d'fhógair sé an bealach ina ndéanfadh sé scrúdú ar argóintí na n-iarratasóirí, ag rá go ndéanfadh sé scrúdú ar ábharthacht na difríochta sa chóir ar bhonn aicmiú an Choimisiúin mar fhabhar, eadhon an ndearna Google idirdhealú i bhfabhar a sheirbhíse cuardaigh speisialaithe féin nó nach ndearna.

180 Thairis sin, is léir ó mhíreanna 237, 240, 279, 284 go 289 den bhreithiúnas atá faoi achomharc go ndearna an Chúirt Ghinearálta scrúdú ar aicmiú an iompair atá i gceist ag an gCoimisiún. Dá bhrí sin, i míreanna 237 agus 240, dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, ag brath ar an gcinneadh atá faoi chonspóid, measúnú an Choimisiúin gur cineál neamhspleách mí-úsáide trí bhrú ó mhargadh ceannasach iad na cleachtais atá i gceist, as ar eascair gníomhartha dearfacha idirdhealaithe sa chaoi a gcaitear le torthaí ó sheirbhís siopadóireachta comparáide Google, arb é is príomhthréith dóibh bacainní déine ar iontráil, eadhon an margadh do sheirbhísí cuardaigh ghinearálta. Thairis sin, i míreanna 279 agus 284 go 289, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta an difríocht sa chóir a d'aimsigh an Coimisiún maidir le, *inter alia*, suíomh agus cur i láthair Product Universals, chun a fháil amach an raibh an Coimisiún i dteideal a chinneadh go raibh idirdhealú i gceist. Tagann mír 316 den bhreithiúnas atá faoi achomharc faoin gcuid sin den bhreithiúnas atá dírithe ar an scrúdú sin maidir le Shopping Units.

181 Dá bhrí sin, is léir ó na míreanna sin, dá dtagraíonn na hachomharcóirí, a luann iad trína n-aonrú ó na míreanna eile den chuid de réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta dá dtagraíonn siad, gur bhunaigh an Chúirt Ghinearálta a réasúnaíocht ar an gcinneadh atá faoi chonspóid agus gur dheimhnigh sí aicmiú an Choimisiúin, gan aicmiú nua nach dtacaítear leis sa chinneadh sin a chur leis.

182 Ar an dara dul síos, is gá a scrúdú, mar a áitíonn na hachomharcóirí, an ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag cinneadh go ndearnadh idirdhealú gan a shuí go raibh Google ag gabháil do dhifreáil threallach sa chóir.

183 Mar is léir, go bunúsach, ó mhíreanna 168 go 174, 237, 240, 279 agus 284 go 289 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, ar an gcéad dul síos, gurb é a bhí i gceist leis an iompar atá i gceist, dar leis an gCoimisiún, ná caitheamh ar bhealach éagsúil le torthaí

seirbhísí siopadóireachta comparáide ag brath ar cé acu ó sheirbhís siopadóireachta comparáide Google nó ó sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha a tháinig siad, ó thaobh cur i láthair agus suímh ar na leathanaigh torthaí ginearálta, agus go raibh difríocht sa chóir i bhfoirm fabhar a thug Google dá sheirbhís siopadóireachta comparáide.

184 Ina dhiaidh sin, chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl, mar thoradh ar na trí chúinse shonracha ar thagair sé dóibh a bheith ann, gur mheas an Coimisiún go bhféadfadh an fabhar sin a bheith ina chúis le lagú iomaíochta ar an margadh agus go bhféadfaí é a aicmiú de réir dlí mar iompar nach dtagann faoi raon feidhme na hiomaíochta ar na tuillteanais.

185 Ar deireadh, chinn an Chúirt Ghinearálta gur cuireadh an t-iompar atá i gceist chun feidhme trí bhrú, arb é a bhí i gceist leis ná gur bhain Google mí-úsáid as a cheannasacht sa mhargadh réamhtheachtach do sheirbhísí cuardaigh ghinearálta idirlín, arb é is príomhthréith di bacainní arda ar iontráil, chun buntáistí iomaíocha a fháil ar an margadh iartheachtach do sheirbhísí cuardaigh speisialaithe, nach raibh seasamh den sórt sin aige ina leith, trí thús áite a thabhairt dá sheirbhís siopadóireachta comparáide féin.

186 Ní mór a thabhairt faoi deara nach féidir a mheas, i dtéarmaí ginearálta, go bhfuil gnóthas ceannasach a chaitheann lena tháirgí nó lena sheirbhísí ar bhealach níos fabhraí ná an chóir a thugann sé do tháirgí nó do sheirbhísí a iomaitheoirí, beag beann ar imthosca an cháis, ina iompar a imíonn ó iomaíocht ar na tuillteanais.

187 Sa chás seo, áfach, ní hamháin gur thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, agus í ag deimhniú anailís an Choimisiúin, gur chaith Google lena sheirbhís siopadóireachta comparáide féin ar bhealach níos fabhraí, ach shuigh sí freisin, ag féachaint do shaintréithe an mhargaidh réamhtheachtaigh agus do na himthosca sonracha a sainaithníodh, go raibh an t-iompar atá i gceist, lena dhá ghné, eadhon a thorthaí féin a chur chun cinn agus oibreoirí iomaíocha a íosghrádú, idirdhealaitheach agus nár tháinig sé faoi raon feidhme na hiomaíochta ar na tuillteanais.

188 Maidir le hargóint na n-achomharcóirí lena mbraitheann siad, go bunúsach, ar neamhábaltacht Google torthaí speisialaithe ó thríú páirtithe a thaispeáint leis an iontaofacht agus an cháilíocht chéanna lena thorthaí féin, ní mór an líne argóinte sin a dhiúltú i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 61 den bhreithiúnas seo, ós rud é, leis an líne argóinte sin, go gcaitheann na hachomharcóirí amhras ar mheasúnú na Cúirte Ginearálta ar na fíorais, gan saobhadh a líomhain.

189 Is gá freisin diúltú d'argóint na n-achomharcóirí lena maíonn siad, ag tagairt do mhíreanna 285 agus 575 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár ghlac an Chúirt Ghinearálta cur chuige comhsheasmhach chun an dá ghné a shainiú, ar caitheadh leo ar bhealach idirdhealaitheach.

190 Thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, go háirithe i mír 285 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur caitheadh leis an gcóir dhifriúil a chuir Google i bhfeidhm de réir thionscnamh na dtorthaí, eadhon de réir cé acu a tháinig siad ó sheirbhísí iomaíocha siopadóireachta comparáide nó óna sheirbhís siopadóireachta comparáide féin, go raibh Google i bhfabhar na seirbhísí siopadóireachta comparáide seachas i bhfabhar toradh amháin thar thoradh eile ar bhonn a ábhair.

191 I mír 575 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ina hanailís ar an mbonn cirt oibiachtúil, chinn an Chúirt Ghinearálta nár lorg an Coimisiún ach cóir chomhionann, ó thaobh suímh agus cur i láthair de, idir dhá chineál torthaí Google. Mar sin féin, is léir ón gcuid sin de réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta ina bhfuil an mhír sin le feiceáil, go háirithe míreanna 574 agus 576 den

bhreithiúnas sin, go ndearna an Coimisiún gearán nár chaith Google le torthaí ó sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha ar an mbealach céanna agus a chaith sé le torthaí óna sheirbhís siopadóireachta comparáide féin. Dá bhrí sin, is earráid chléireachais í an tagairt do 'dhá chineál torthaí Google' dá dtagraítear i mír 575 den bhreithiúnas sin, ós rud é gur luaigh an Chúirt Ghinearálta arís agus arís eile freisin gurbh é a bhí i gceist le hiompar Google caitheamh le torthaí ar bhealach éagsúil de réir a dtionscnaimh seachas de réir a n-ábhair.

192 Dá bhrí sin, ní dhéantar an sainmhíniú ar ábhar an idirdhealaithe sa bhreithiúnas atá faoi achomharc a chur ó bhail le neamhréireacht agus ní féidir an Chúirt Ghinearálta a cháineadh as earráid dlí a bheith déanta aici agus í ag cinneadh go bhféadfaí an t-iompar atá i gceist a aicmiú mar iompar idirdhealaitheach agus nár tháinig sé faoi raon feidhme na hiomaíochta ar na tuillteanais.

193 Sna himthosca sin, is gá diúltú d'argóint na n-achomharcóirí lena maíonn siad, sa dara cuid den dara saincheist dlí, nach raibh aicmiú an iompair a ndearnadh gearán ina leith ina chóir idirdhealaitheach le feiceáil sa chinneadh atá faoi chonspóid agus, sa tríú cuid den dara saincheist dlí, go raibh an t-aicmiú sin mícheart in aon chás.

194 Sa dara háit, maíonn na hachomharcóirí, sa dara cuid den dara saincheist dlí, gur chuir an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 176 go 184 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, dhá bhreithniú bhreise chun cinn nár cuireadh san áireamh sa chinneadh atá faoi chonspóid, eadhon, ar an gcéad dul síos, critéar measúnaithe dhlíthiúil níos déine do ghnóthais 'ollcheannasacha' agus, ar an dara dul síos, i bhfianaise bhonneagar inneall cuardaigh Google a bheith oscailte, i bprionsabal, gur rud aimhrialta a bhí i gceist tosaíocht a bheith tugtha do thorthaí cuardaigh speisialaithe áirithe de chuid Google ar thorthaí cuardaigh iomaíocha. Sa tríú cuid den dara saincheist dlí, áitíonn na hiarratasóirí, in aon chás, go bhfuil na breithnithe sin gan bhunús.

195 I ndáil leis sin, is fíor, i míreanna 176 go 184 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chuir an Chúirt Ghinearálta breithnithe chun cinn nach raibh soiléir ón ráiteas ar na cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid. Is amhlaidh atá i gcás iompar aimhrialta Google agus a fhorleithne atá sé ar an margadh cuardaigh ghinearálta agus i gcás na n-oibleagáidí maidir le cóir neamh-idirdhealaitheach a eascraíonn as forálacha Rialachán 2015/2120.

196 Mar sin féin, cé gurb iad na breithnithe a leagtar amach i mír 180 den bhreithiúnas atá faoi achomharc amháin a shonraigh an Chúirt Ghinearálta go sainráite a bheith iomarcach, rinneadh na breithnithe a leagtar amach i míreanna 176 go 179 agus 181 go 184 den bhreithiúnas atá faoi achomharc freisin ar mhaithe le hiomláine.

197 I míreanna 175 agus 185 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, fiú dá mbeadh an fabhar agus a éifeachtaí, arna sainaithint i bhfianaise imthosca sonracha na margaí lena mbaineann, léirithe go bailí ag an gCoimisiún, go raibh sé de cheart ag an gCoimisiún a mheas gur imigh an fabhar sin ón iomaíocht ar na tuillteanais. Ní thagraíonn an chonclúid sin, a leagtar amach ag deireadh mhír 185 den bhreithiúnas sin, ach do na breithnithe a leagtar amach i míreanna 170 go 173 den bhreithiúnas sin, gan tagairt a dhéanamh do na breithnithe breise a leag an Chúirt Ghinearálta amach i míreanna 176 go 184 den bhreithiúnas sin, arb iad sin na breithnithe a cháin na hachomharcóirí.

198 Thairis sin, mar is léir ó mhír 192 den bhreithiúnas seo, ní raibh gá leis na breithnithe sin chun an measúnú a dheimhniú go bhféadfaí a mheas nach ionann an t-iompar atá i gceist agus iomaíocht ar na tuillteanais de réir dlí.

199 Dá bhrí sin, ní mór diúltú do ghearáin na n-achomharcóirí a ardaíodh sa dara agus sa tríú cuid den dara saincheist dlí, trína gcáineann siad míreanna 176 go 184 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, toisc iad a bheith gan éifeacht agus, dá bhrí sin, ní mór diúltú don dá chuid sin ina n-iomláine.

200 I bhfianaise na gcúiseanna go léir roimhe seo, ní mór diúltú don dara saincheist dlí ina hiomláine.

3. An tríú saincheist dlí

201 Leis an tríú saincheist dlí, atá comhdhéanta de thrí chuid, maíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí ina hanailís ar an nasc cúisíoch idir an mhí-úsáid líomhainte agus na héifeachtaí is dócha a bheadh aici.

202 Leis an gcéad chuid den tríú saincheist dlí, maíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, sa chás seo, nuair a chinn sí, i míreanna 377 go 379 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur ar Google seachas ar an gCoimisiún a bhí an t-ualach anailís fhrithfhíorasach a dhéanamh. Leis an dara cuid den tríú saincheist dlí, áitíonn siad go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i míreanna 374, 376 agus 525 den bhreithiúnas sin, gur ghá deireadh a chur leis an dá chleachtas sin mar gheall ar chás frithfhíorasach maidir le mí-úsáid arb é atá ann meascán de dhá chleachtas dhleathacha. Leis an tríú cuid den tríú saincheist dlí, maíonn siad go ndearna cur chuige earráideach na Cúirte Ginearálta maidir le cad is frithfhíoras ceart ann a measúnú, i mír 572 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar na húdair oibiachtúla agus ar éifeachtaí an iompair lena mbaineann, a chur ó bhail.

(a) Inghlacthacht

203 Áitíonn BEUC, VDZ, Ladenzeile agus BDZV go bhfuil an tríú saincheist dlí do-ghlactha. Maíonn siad, leis an mbreithiúnas sin, go bhféachann na hachomharcóirí le measúnú na Cúirte Ginearálta ar an bhfianaise a thabhairt faoi cheist, go háirithe ar an dá chás fhrithfhíorasacha a chuir siad ar aghaidh le linn an nós imeachta riaracháin, nó nach ndéanann siad ach argóintí a cuireadh ar aghaidh cheana os comhair na Cúirte Ginearálta a athdhearbhú. Ó thaobh an Choimisiúin de, gan saincheist do-ghlacthachta a ardú go foirmiúil, áitíonn sé go bhfuil measúnú na Cúirte Ginearálta ar na cásanna frithfhíorasacha sin léirithe go cinntitheach i míreanna 369 go 376 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, in éagmais aon líomhain maidir le saobhadh ar thaobh na n-achomharcóirí.

204 Ina bhfreagra, maíonn na hiarratasóirí go bhfuil an tríú saincheist dlí inghlactha. Sonraíonn siad go mbaineann an cáineadh a dhéanann siad i gcomhthéacs na saincheiste dlí sin le measúnú mícheart na Cúirte Ginearálta ar choincheap dlíthiúil na hanailíse frithfhíorasaí i gcomhthéacs áirithe iompair a bhaineann le roinnt cleachtas a bhfuil drochthionchar ag a n-éifeacht chomhcheangailte ar an iomaíocht ar na tuillteanais, ar earráid dlí é.

205 Ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, mar a tugadh faoi deara i mír 61 den bhreithiúnas seo, go bhfuil dlínse na Cúirte Breithiúnais in achomharc a dhéantar i gcoinne bhreith na Cúirte Ginearálta teoranta do phoncanna dlí, ós rud é nach ceist atá faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais é breithmheas a dhéanamh ar na fíorais agus ar an bhfianaise, ach amháin i gcás ina ndearnadh saobhadh ar na fíorais nó ar an bhfianaise.

206 Is ceisteanna dlí iad na ceisteanna, ar an gcéad dul síos, an bhfuil oibleagáid chórasach ar an gCoimisiún anailís fhrithfhíorasach a dhéanamh i gcásanna a thagann faoi Airteagal 102 CFAE agus, ar an dara dul síos, na critéir nach mór do chás frithfhíorasach a chomhlíonadh chun go mbeidh sé in ann an méid a tharlódh in éagmais na mí-úsáide líomhainte a léiriú sa chás áirithe d'iompar arb é atá ann ná roinnt cleachtas arb ionann a n-éifeacht chomhcheangailte agus sárú ar iomaíocht ar na tuillteanais, ar féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais athbhreithniú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs achomhairc.

207 Sa dara háit, mar is léir ó chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, i gcás ina ndéanann achomharcóir agóid i gcoinne léiriú nó chur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh ag an gCúirt Ghinearálta, féadfar na pointí dlí a scrúdaíodh ag an gcéad chéim a phlé arís le linn an achomhairc. Mura bhféadfadh achomharcóir, dá bhrí sin, a achomharc a bhunú ar shaincheisteanna dlí agus ar argóintí a bhfuiltear ag brath orthu cheana féin os comhair na Cúirte Ginearálta, bhainfí cuid dá chuspóir den nós imeachta achomhairc (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, *Aquino* v *an Pharlaimint*, C-534/22 P, EU:C:2023:802, míreanna 69 agus 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

208 Sa chás seo, ní hamháin go n-atáirgeann na hachomharcóirí na hargóintí a cuireadh ar aghaidh ag an gcéad chéim, ach maíonn siad go ndearna an Chúirt Ghinearálta, agus í ag freagairt do na hargóintí sin, an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ó bhail trí earráidí dlí.

209 Dá bhrí sin, tá an tríú saincheist dlí inghlactha.

(b) Substaint an cháis

(1) An chéad chuid den tríú saincheist dlí

(i) Argóintí na bpáirtithe

